2024/3106

10.12.2024

CINNEADH (AE) 2024/3106 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Samhain 2024

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Muir Shábhailteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn a 109ú seisiún, a mhéid a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag gníomhaíocht an Aontais san earnáil muiriompair an tsábháilteacht mhuirí a fheabhsú agus an comhshaol muirí agus sláinte an duine a chosaint.

(2) Meastar go nglacfaidh Coiste Muir-Shábháilteachta (MSC) na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO), le linn a 109ú seisiún ón 2 go dtí an 6 Nollaig 2024 ('MSC 109'), leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF).

(3) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag MSC 109 a bhunú, ós rud é go bhféadfadh na leasuithe ar Chód IGF atá beartaithe tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais, eadhon Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1].

(4) Áirítear leis na leasuithe saincheisteanna éagsúla, lena n-áirítear toibreacha caidéal súite, comhlaí sábháilteachta chun brú a scaoileadh, seomraí ullmhúcháin breosla, criosanna struchtúracha cosanta dóiteáin agus criosanna struchtúracha guaiseacha. Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe sin toisc go gcuirfear feabhas leo ar shábháilteacht long, lena n-áirítear longa paisinéirí, agus gás nádúrtha á úsáid mar bhreosla. Soláthraíonn na leasuithe sin leibhéal coibhéiseach cosanta don chóras píopaí agus d'ionraon umair ó línte comhlaí sábháilteachta chun brú a scaoileadh le linn gnáthoibríochta agus éigeandála. Ina theannta sin, ba cheart a aithint leis na leasuithe sin gur ann do thoibreacha beaga d'umair bhreosla gás nádúrtha leachtaithe (GNL).

(5) Níl an tAontas ina bhall de IMO, ná ina pháirtí conarthach i gCód IGF. Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhairle na Ballstáit a údarú seasamh ón Aontas a chur in iúl ag MSC 109.

(6) Ba cheart raon feidhme an Chinnidh seo a theorannú don mhéid atá sna leasuithe beartaithe, a mhéid atá ar cumas na leasuithe sin difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna an Aontais agus a mhéid a thagann siad faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Níor cheart don Chinneadh seo difear a dhéanamh do roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO), le linn a 109ú seisiún, aontú le glacadh na leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF), mar a leagtar amach iad in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le doiciméad MSC 109/3 de chuid IMO ('na leasuithe').

Airteagal 2

1. Leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, mar a leagtar amach in Airteagal 1 é, cuimsítear na leasuithe a mhéid a thagann na leasuithe sin faoi inniúlacht eisiach an Aontais agus a mhéid a fhéadfaidís difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna an Aontais. Cuirfidh na Ballstáit, ar baill iad uile de IMO, an seasamh sin in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach ar mhaithe le leas an Aontais.

2. Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe ar na seasaimh mar a leagtar amach in Airteagal 1 gan cinneadh eile ón gComhairle.

[1] Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa paisinéirí (IO L 163, 25.6.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/45/2022-07-31).

Airteagal 3

Leis seo, údaraítear do na Ballstáit a dtoiliú a thabhairt le bheith faoi cheangal, chun leas an Aontais, ag na leasuithe, a mhéid a thagann na leasuithe faoi inniúlacht eisiach an Aontais.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Samhain 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

HANKÓ B.